An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 24 Deireadh Fómhair 2014**
**(OR. en)**

**EUCO 169/14**

**CO EUR 13**
**CONCL 5**

**NÓTA CUMHDAIGH**

| | |
|---|---|
| Ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Chuig: | Na toscaireachtaí |
| Ábhar: | An Chomhairle Eorpach (23 agus 24 Deireadh Fómhair 2014) – Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuas.

## I. CREAT BEARTAIS 2030 DON AERÁID AGUS DON FHUINNEAMH

1. Tá dul chun cinn suntasach déanta chun spriocanna an Aontais a bhaint amach maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, agus maidir le fuinneamh inathnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh, a bheidh le comhlíonadh ina n-iomláine faoi 2020. Ar bhonn na bprionsabal a sainaithníodh i gConclúidí na Comhairle Eorpaí i mí an Mhárta 2014, tháinig an Chomhairle Eorpach ar chomhaontú inniu maidir le creat beartais 2030 don aeráid agus don fhuinneamh le haghaidh an Aontais Eorpaigh. Dá réir sin, tabharfaidh an tAontas Eorpach uaidh a chion, ar a dhéanaí faoin gcéad ráithe de 2015, ar aon dul leis an amlíne a comhaontaíodh le UNFCCC i Vársá chun comhaontú domhanda maidir leis an aeráid a chur i gcrích. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar gach tír spriocanna agus beartais uaillmhianacha a chur chun cinn i bhfad roimh an 21ú seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe i bPáras. Tiocfaidh sí ar ais chuig an gceist seo tar éis na Comhdhála i bPáras. Beidh gach gné den chreat á coimeád faoi athbhreithniú ag an gComhairle Eorpach agus leanfaidh sí de threoshuímh straitéiseacha a thabhairt i gcónaí, de réir mar is iomchuí, go háirithe maidir le comhdhearcadh i ndáil le ETS, neamh-ETS, idirnaisc agus éifeachtúlacht fuinnimh. Leanfaidh an Coimisiún den idirphlé rialta leis na geallsealbhóirí.

***Sprioc maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú***

2. D'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach sprioc AE chun laghdú 40% ar a laghad i gcomparáid le 1990 ar astaíochtaí intíre gás ceaptha teasa a bhaint amach ar astaíochtaí intíre gás ceaptha teasa faoi 2030 i gcomparáid le 1990. Chuige sin:

   2.1 déanfaidh an tAontas Eorpach ina iomláine an sprioc a bhaint amach ar an mbealach is éifeachtaí agus is féidir ó thaobh costais, agus beidh laghduithe suas go 43% agus 30% in earnálacha ETS agus in earnálacha neamh-ETS faoi 2030 i gcomparáid le 2005, faoi seach;

   2.2 beidh gach Ballstát rannpháirteach san iarracht sin, agus gnéithe na cothroime agus na dlúthpháirtíochta á gcur san áireamh;

***Trádáil Astaíochtaí AE (EU ETS)***

2.3 beidh Córas Trádála Astaíochtaí (ETS), a fheidhmíonn go maith agus atá athchóirithe, le hionstraim chun an margadh a chobhsú ar aon dul leis an togra ón gCoimisiún, mar phríomhionstraim Eorpach chun an sprioc seo a bhaint amach; athrófar an fachtóir bliantúil ó 1.74% go dtí 2.2% ó 2021 ar aghaidh d'fhonn uasteorainn leibhéal uasta na n-astaíochtaí a cheadaítear a laghdú;

2.4 ní rachaidh leithdháileadh saor in éag; leanfar le bearta atá ann cheana tar éis 2020 chun an riosca maidir le sceitheadh carbóin de thoradh ar bheartas aeráide a chosc, fad nach ngabhfar iarrachtaí inchomparáide de láimh i mórgheilleagair eile, agus é mar aidhm leo leibhéil iomchuí tacaíochta a thabhairt d'earnálacha ar baol dóibh iomaíochas idirnáisiúnta a chailleadh. Déanfar athbhreithniú tréimhsiúil ar na tagarmharcanna maidir le leithdháiltí saora ar aon dul leis an dul chun cinn teicneolaíoch sna hearnálacha tionscail faoi seach. Cuirfear costais dhíreacha agus indíreacha charbóin san áireamh, ar aon dul le rialacha an Aontais maidir le státchabhair ar mhaithe le cothrom na Féinne a áirithiú. D'fhonn iomaíochas idirnáisiúnta a chothú, níor cheart go mbeadh costais charbóin mhíchuí ag gabháil leis na suiteálacha is éifeachtúla sna hearnálacha sin, rud a bhfuil sceitheadh carbóin mar thoradh air. Leis na leithdháiltí a dhéanfar sa todhchaí, áiritheofar go mbeidh ailíniú níos fearr ann le leibhéil táirgeachta atá ag athrú in earnálacha éagsúla. Ag an am céanna, caomhnófar ina n-iomláine na dreasachtaí don tionscal chun dul i mbun nuála agus ní chuirfear leis an gcastacht riaracháin. Cuirfear san áireamh an ghné maidir le praghsanna réasúnta fuinnimh a áirithiú agus maidir le brabúis amhantair a sheachaint;

2.5 sa chomhthéacs sin, féadfaidh na Ballstáit a bhfuil OTI per capita níos lú ná 60% de mheán an Aontais acu rogha a dhéanamh lamháltais shaora a thabhairt i gcónaí chuig an earnáil fuinnimh suas go dtí 2030. An t-uasmhéid a thabharfar amach tar éis 2020, níor cheart gur mhó é ná 40% de na lamháltais a leithdháilfear le cur ar ceant do na Ballstáit agus leas á bhaint acu as an rogha seo. Ba cheart na módúlachtaí atá ann faoi láthair, lena n-áirítear trédhearcacht, a fheabhsú lena áirithiú go n-úsáidfear na cistí chun fíor-infheistíochtaí a chur chun cinn a dhéanfaidh an earnáil fuinnimh a nuachóiriú, agus saobhadh sa mhargadh inmheánach fuinnimh a sheachaint ag an am céanna;

2.6 déanfar áis NER300 atá ann cheana a athnuachan, lena n-áirítear do ghabháil agus do stóráil carbóin agus d'fhoinsí in-athnuaite agus cuimseofar lena raon feidhme an nuálaíocht ísealcharbóin in earnálacha tionsclaíocha agus méadófar an dearlaic thosaigh suas go 400 milliún lamháltas (NER400). Beidh na tionscadail infheistíochta i ngach Ballstát, lena n-áirítear tionscadail ar mhionscála, incháilithe;

2.7 cuirfear cúlchiste nua de 2% de lamháltais EU ETS ar leataobh chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais bhreise fíor-ard infheistíochta i mBallstáit íseal-ioncaim (OTI per capita[1] níos lú ná 60% de mheán AE). Léireofar na saintréithe seo a leanas ann:

- úsáidfear na fáltais ón gcúlchiste chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus chun córais fuinnimh na mBallstát a nuachóiriú, ionas go bhféadfar fuinneamh níos glaine, níos sláine agus níos inacmhainne a sholáthar dá gcuid saoránach;
- beidh an úsáid a bhainfear as na cistí go hiomlán trédhearcach;
- cuirfear lamháltais ón gcúlchiste ar ceant i gcomhréir leis na prionsabail chéanna agus na rialacha mionsonraithe céanna a dhlitear do lamháltais eile;
- leis an gcúlchiste bunófar ciste faoi bhainistíocht na mBallstát is tairbhithe, agus beidh baint freisin ag BEI maidir le tionscadail a roghnú. Áiritheofar socruithe níos simplí do thionscadail ar mhionscála. Go dtí an 31 Nollaig 2030, beidh dáileadh na gcistí bunaithe ar theaglam de chion 50% d'astaíochtaí fíoraithe agus cion 50% de critéir OTI, ach déanfar athbhreithniú ar an mbonn a roghnaítear tionscadail faoi dheireadh 2024;

2.8 chun críocha na dlúthpháirtíochta, an fháis agus idirnasc, leithdháilfear 10% de lamháltais EU ETS a chuirfidh na Ballstáit ar ceant ar na tíortha sin i gcás nár sháraigh a n-olltáirgeadh intíre (OTI) per capita 90% de mheán an Aontais (in 2013);

2.9 leithdháilfear an chuid eile de na lamháltais ar na Ballstáit go léir ar bhonn na n-astaíochtaí fíoraithe; gan an líon liúntas a chuirfear ar ceant a laghdú;

[1] Beidh gach tagairt do OTI 2013 in EUR ar phraghsanna an mhargaidh.

***Earnálacha neamh-ETS***

2.10 leanfar den mhodheolaíocht chun na spriocanna náisiúnta laghdaithe a shocrú i leith earnálacha neamh-ETS suas go dtí 2030, leis na gnéithe uile mar a chuirtear i bhfeidhm iad sa Chinneadh maidir leis an gComhroinnt Díchill do 2020, agus dáilfear na hiarrachtaí ar bhonn OTI coibhneasta per capita. Rannchuideoidh na Ballstáit go léir le laghdú foriomlán AE in 2030 agus spriocanna ó 0% go dtí -40% acu i gcomparáid le 2005;

2.11 déanfar coigeartú coibhneasta ar na spriocanna do na Ballstáit sin a bhfuil OTI per capita acu atá níos mó ná meán an Aontais chun éifeachtúlacht costais a léiriú ar bhealach cóir, cothrom;

2.12 Feabhsófar infhaighteacht ionstraimí solúbthachta atá ann cheana agus an úsáid a bhainfear astu in earnálacha neamh-ETS go mór chun éifeachtúlacht costais chomhiarracht an Aontais agus cóineasú astaíochtaí per capita a áirithiú faoi 2030. Bunófar solúbthacht nua ó thaobh spriocanna a bhaint amach - i gcás Ballstáit a bhfuil spriocanna náisiúnta laghdaithe acu atá go mór os cionn mheán an Aontais agus a n-acmhainneacht laghdaithe ó thaobh cost-éifeachtúlachta de agus i gcás Ballstáit nach raibh leithdháileadh saor acu do shuiteálacha tionsclaíocha in 2013 - trí laghdú teoranta, aon uaire ar lamháltais ETS, a chinnfear roimh 2020, agus intuarthacht agus sláine chomhshaoil á gcothú ag an am céanna;

2.13 tá sé tábhachtach go n-ísleofar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus na rioscaí a ghabhann leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise in earnáil an iompair. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún, mar sin, ionstraimí agus bearta a scrúdú tuilleadh le haghaidh cur chuige a bheidh cuimsitheach agus neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de chun laghdú astaíochtaí agus éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn in earnáil an iompair, agus freisin don iompar leictreach agus d'fhoinsí fuinnimh inathnuaite san iompar i ndiaidh 2020. Iarrann an Chomhairle Eorpach go nglacfar go pras an Treoir lena leagtar síos modhanna ríomha agus ceanglais tuairiscithe de bhun Threoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cáilíocht breoslaí peitril agus díosail. Meabhraíonn sí freisin, gur féidir le Ballstát a roghnú an earnáil iompair a áireamh ar chreat ETS, de réir na reachtaíochta atá ann faoi láthair;

2.14 ba cheart cuspóirí iolracha earnáil na talamhúsáide agus na talmhaíochta, lena n-acmhainneacht íslithe maolaithe, a aithint, chomh maith leis an ngá atá le comhtháthú a áirithiú idir cuspóirí AE maidir le sláine bia agus maidir leis an athrú aeráide. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún na modhanna is fearr a iniúchadh maidir le dlús a chur faoi tháirgeadh bia ar shlí inmharthana, agus rannchuidiú na hearnála á bharrfheabhsú d'fhonn gás ceaptha teasa a mhaolú agus a cheapadh, lena n-áirítear tríd an bhforaoisiú. Bunófar beartas a thúisce a cheadóidh coinníollacha teicniúla sin agus faoi 2020 i gcás ar bith maidir leis an mbealach a bhféadfar Talamhúsáid, Athrú sa Talamhúsáid agus Foraoiseacht a áireamh i gcreat 2030 maidir le gáis cheaptha teasa a mhaolú.

***Foinsí inathnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh***

3. Leagtar síos sprioc AE de 27% ar a laghad do chionroinnt an fhuinnimh inathnuaite a dhéanfar a ídiú in AE in 2030. Beidh an sprioc sin ina cheangal ar leibhéal AE. Is le ranníocaíochtaí ó na Ballstáit a dhéanfar é a chomhlíonadh agus is é an gá atá ann sprioc AE a bhaint amach i dteannta a chéile a bheidh mar threoir chuige sin, cé nach mbeidh aon bhac ar na Ballstáit a gcuid spriocanna náisiúnta níos uaillmhianaí a leagan síos agus tacú leo, i gcomhréir leis na treoirlínte státchabhrach, chomh maith leis an gcionnroinnt díobh a comhtháthaítear isteach sa mhargadh inmheánach fuinnimh a chur san áireamh. Le comhtháthú na leibhéal uaineach d'fhuinneamh inathnuaite, leibhéil atá ag ardú, éilítear margadh inmheánach fuinnimh atá níos idirnasctha mar aon leis an tacaíocht is iomchuí, rud ar cheart a chomhordú de réir mar is gá ar an leibhéal réigiúnach.

Leagtar síos sprioc táscach ar leibhéal AE de 27% ar a laghad le go gcuirfear feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh in 2030 i gcomparáid leis an méid a tuaradh i leith ídiú fuinnimh amach anseo bunaithe ar na critéir atá ann faoi láthair. Déanfar é a bhaint amach ar bhealach a bheidh éifeachtach ó thaobh costais agus urramófar go hiomlán leis éifeachtacht an chórais ETS trí rannchuidiú leis na haidhmeanna foriomlána i leith na haeráide. Déanfar athbhreithniú air sin faoi 2020, agus aird á tabhairt ar leibhéal AE de 30%. Molfaidh an Coimisiún earnálacha tosaíochta inar féidir tairbhí sonracha éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint, agus bealaí chun aghaidh a thabhairt orthu ar leibhéal AE, agus an tAontas agus na Ballstáit ag díriú ar a gcuid iarrachtaí rialála agus airgeadais ar na hearnálacha sin.

Bainfear amach na spriocanna sin agus saoirse na mBallstát á hurramú go hiomlán maidir le cinneadh a dhéanamh faoin meascán fuinnimh. Ní dhéanfar spriocanna a iompú ina spriocanna a ngabhann ceangal náisiúnta leo. Tá saoirse ag na Ballstáit aonair spriocanna náisiúnta níos airde dá gcuid féin a leagan síos.

***Bailchríoch a chur ar mhargadh inmheánach fuinnimh atá idirnasctha agus lánfheidhmiúil***

4. Thug an Chomhairle Eorpach dá haire a thábhachtaí atá margadh inmheánach fuinnimh atá idirnasctha agus lánfheidhmiúil. Ag meabhrú di na conclúidí ó chruinniú mhí an Mhárta maidir le bailchríoch a chur ar an margadh, chuir an Chomhairle Eorpach i dtreis go gcaithfí gach iarracht a dhéanamh chun an cuspóir sin a bhaint amach láithreach. Beidh sé mar thosaíocht freisin ón mbliain 2020 ar aghaidh nach mbeidh idirnaisc uireasacha ag na Ballstáit le gréasáin gáis agus leictreachais na hEorpa agus go n-áiritheofar oibriú sioncranach na mBallstát laistigh de na Gréasáin Eorpacha Mór-roinne mar a bheartaítear i Straitéis Slándála Fuinnimh na hEorpa. Sa chomhthéacs sin, chinn an Chomhairle an méid a leanas:

   – go nglacfaidh an Coimisiún Eorpach bearta láithreach, le tacaíocht ó na Ballstáit, lena áirithiú go mbainfear amach an sprioc íosta de 10% de na hidirnaisc leictreachais atá ann cheana, mar ábhar práinne, agus tráth nach déanaí ná 2020 ar a laghad i gcás na mBallstát sin nár bhain amach an t-íosleibhéal comhtháthaithe go fóill sa mhargadh inmheánach fuinnimh, is é sin le rá na Stáit Bhaltacha, an Phortaingéil agus an Spáinn, agus i gcás na mBallstát sin arb iad a bpríomhphointe rochtana iad leis an margadh inmheánach fuinnimh. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an dul chun cinn agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid na Comhairle Eorpaí maidir leis na foinsí uile airgeadais a d'fhéadfadh bheith ann lena n-áirítear an deis ar mhaoiniú a fháil ón Aontas d'fhonn a áirithiú go mbainfear amach an sprioc maidir leis an 10%. I bhfianaise air sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún tograí a thíolacadh, lena n-áirítear tograí maidir le cistiú, laistigh de theorainneacha ionstraimí ábhartha CAI, más iomchuí. Ag meabhrú dó na conclúidí ó na Comhairlí Eorpacha a tionóladh i mí an Mhárta agus i mí an Mheithimh, inar cuireadh i bhfáth gur ghá rannpháirtíocht iomlán na mBallstát uile sa mhargadh inmheánach fuinnimh a áirithiú, cuirfidh sé tuarascáil freisin faoi bhráid na Comhairle Eorpaí ar bhonn tráthrialta, agus é mar aidhm sprioc 15% a bhaint amach faoi 2030, mar a mhol an Coimisiún. Bainfear amach an dá sprioc sin trí thionscadail leasa choitinn a chur chun feidhme;

– Maidir le tionscadail leasa choitinn, lena n-áirítear tionscadail a shainaithnítear i Straitéis Slándála Fuinnimh na hEorpa a nascann go háirithe na Stáit Bhaltacha, an Spáinn agus an Phortaingéil leis an gcuid eile den mhargadh inmheánach fuinnimh, éascóidh na Ballstáit agus an Coimisiún cur chun feidhme na dtionscadal sin agus áiritheoidh siad gurb acu a bheidh an tosaíocht is mó agus go gcuirfear bailchríoch orthu faoi 2020. Tabharfar aird ar leith ar na codanna den mhargadh aonair is faide amuigh agus/nó is lú atá nasctha amhail Málta, an Chipir agus an Ghréig. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an chomhstraitéis a chomhaontaigh oibreoirí na gcóras tarchurtha le déanaí, mar chéad chéim, chun idirnaisc a fhorbairt idir Leithinis na hIbéire agus an margadh inmheánach leictreachais, lena n-áirítear tionscadail nithiúla d'fhonn acmhainneacht a mhéadú. Iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfear an straitéis chun feidhme agus spreagann sí oibreoirí na gcóras tarchurtha agus údaráis rialála chun na tionscadail ábhartha a áireamh sna pleananna deich mbliana forbartha gréasán atá le teacht;

– i gcás nár leor na tionscadail sin a chur chun feidhme chun an sprioc 10% a bhaint amach, sainaithneofar tionscadail nua, a chuirfear leis an liosta tionscadal leasa choitinn mar ábhar tosaíochta nuair a dhéanfar athbhreithniú amach anseo ar an liosta sin agus cuirfear chun feidhme go mear iad. Ba cheart cómhaoiniú AE a chur ar fáil do na tionscadail sin. Iarrtar ar an gCoimisiún teachtaireacht a chur amach roimh chruinniú na Comhairle Eorpaí i mí an Mhárta 2015 maidir leis an mbealach chun cinn is fearr chun an sprioc thuasluaite a bhaint amach.

***Slándáil fuinnimh***

5. Ag meabhrú di na conclúidí ó mhí an Mheithimh 2014, thacaigh an Chomhairle Eorpach le tuilleadh gníomhaíochtaí chun spleáchas an Aontais ar fhuinneamh a laghdú agus chun slándáil an tsoláthair fuinnimh i gcás leictreachais agus gáis araon a fheabhsú. Féadfar cuidiú freisin leis an gcuspóir sin a bhaint amach má dhéantar an t-éileamh ar fhuinneamh a mhaolú trí éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Thug an Chomhairle Eorpach ar aird an tuarascáil ón Uachtaránacht maidir le slándáil an tsoláthair fuinnimh[1]. Ba dhíol sásaimh di an tuarascáil ón gCoimisiún maidir le gníomhaíocht láithreach chun athléimneacht an Aontais a mhéadú in éadan aon mhórshuaitheadh a d'fhéadfadh bheith ann an geimhreadh seo. Léirítear go soiléir sa tuarascáil sin stóinseacht chóras fuinnimh na hEorpa (cleachtadh tástála struis). Sa chomhthéacs sin, ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an rannchuidiú ó na Ballstáit uile, ó na príomhghníomhaithe fuinnimh, agus ó na tíortha agus na comhpháirtithe comharsanacha. Thuig an Chomhairle Eorpach freisin gur féidir slándáil soláthar fuinnimh an Aontais a fheabhsú má fhorbraítear foinsí fuinnimh atá san Aontas féin agus má bhaintear leas as teicneolaíochtaí inbhuanaithe ísealcharbóin atá slán sábháilte.

Tháinig an Chomhairle Eorpach ar chomhaontú maidir leis na pointí a leanas:

– tionscadail thábhachtacha lena mbaineann leas coiteann a chur chun feidhme in earnáil an gháis, amhail an chonair Thuaidh-Theas, Conair Gáis an Deiscirt agus mol nua gáis a chur chun cinn i nDeisceart na hEorpa agus freisin na príomhthionscadail bonneagair a fheabhsóidh slándáil sholáthar fuinnimh na Fionlainne agus Stáit Mhuir Bhailt, lena áirithiú go mbainfear leas as soláthróirí éagsúla fuinnimh agus as bealaí éagsúla agus le feidhmiú an mhargaidh a áirithiú freisin;

– socruithe a fheabhsú chun leas níos fearr a bhaint as athghású agus as toilleadh stórála sa chóras gáis chun dul i ngleic le cásanna éigeandála;

– a iarraidh ar an gCoimisiún breis tacaíochta a thabhairt ionas gur fearr an comhordú a dhéanfaí ar na hiarrachtaí chun tionscadail ríthábhachtachta leasa choitinn a chur i gcrích; agus gníomhaíochtaí spriocdhírithe a fhorbairt amhail comhairle theicniúil nó tascfhórsaí iltaobhacha a bhunú leis na Ballstáit ábhartha maidir le hidirnascairí sonracha chun go réiteofaí go mear fadhbanna a bhaineann leis an gcur chun feidhme;

[1] 13788/14

- nósanna imeachta náisiúnta maidir le riarachán a phríomhshruthú i gcomhréir le treorú ón gCoimisiún, agus beartas a fhorbairt tuilleadh lena dtabharfar aghaidh ar an mbonneagar ríthábhachtach fuinnimh a chosaint, lena n-áirítear i gcoinne rioscaí TFC;

- d'fhonn cur le cumas margála an Aontais sa chaibidlíocht i dtaobh fuinnimh, leas iomlán a bhaint as an gCinneadh lena mbunaítear sásra malartaithe faisnéise ag féachaint do chomhaontuithe idir-rialtasacha idir na Ballstáit agus tríú tíortha i réimse an fhuinnimh, go háirithe maidir le forálacha caighdeánacha agus cabhair ón gCoimisiún sa chaibidlíocht;

- na Ballstáit agus na comhlachtaí lena mbaineann a spreagadh faisnéis ábhartha a sholáthar don Choimisiún agus tacaíocht a iarraidh air le linn na caibidlíochta, lena n-áirítear maidir leis an measúnú ex-ante ar chomhoiriúnacht na gcomhaontuithe idir-rialtasacha le reachtaíocht AE agus na tosaíochtaí atá aige maidir le tosaíochtaí slándála;

- neart sa bhreis a chur leis an gComhphobal Fuinnimh a bheartaíonn acquis fuinnimh AE a leathnú chuig tíortha is iarrthóirí nó is iarrthóirí ionchasacha agus tíortha comharsana, i bhfianaise ábhair imní AE i leith chinnteacht an tsoláthair;

- ionstraimí beartais eachtraigh AE agus na mBallstát a úsáid chun teachtaireachtaí comhsheasmhacha maidir le slándáil fuinnimh a sheoladh, go háirithe chuig comhpháirtithe straitéiseacha agus mórsholáthróirí fuinnimh.

Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar shaincheist na slándála fuinnimh in 2015 chun an dul chun cinn a mheas.

***Rialachas***

6. Chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach go bhforbrófar corás iontaofa trédhearcach rialachais, gan ualach riaracháin míchuí, chun a áirithiú go mbainfidh an tAontas amach na spriocanna uile maidir le beartas fuinnimh, agus go mbeidh an tsolúbthacht is gá ann do na Ballstáit agus go n-urramófar go hiomlán an tsaoirse atá acu a rogha meascán fuinnimh a chinneadh. Leis an gcóras rialachais sin:

6.1 forbrófar ar a bhfuil curtha i gcrích go dtí seo, amhail cláir náisiúnta aeráide, pleananna náisiúnta d'fhuinneamh inathnuaite agus d'éifeachtúlacht fuinnimh. Déanfar snáitheanna éagsula pleanála agus tuairiscithe a phríomhshruthú agus a chumasc;

6.2 méadófar ról agus cearta na dtomhaltóirí, trédhearcacht agus intuarthacht d'infheisteoirí trí mhaoirseacht chórasach a dhéanamh ar phríomhtháscairí, inter alia, chun go mbeidh córas fuinnimh inacmhainne, sábháilte, iomaíoch, slán agus inbhuanaithe ann;

6.3 éascófar comhordú na mbeartas náisiúnta fuinnimh agus cothófar comhar réigiúnach idir na Ballstáit.

Meabhraíonn an Chomhairle Eorpach an sprioc atá aici Aontas Fuinnimh a bhunú lena ndírítear ar fhuinneamh inacmhainne, slán agus inbhuanaithe, mar a dúradh ina Clár Oibre Straitéiseach, agus déanfaidh sí athbhreithniú rialta ar chur chun feidhme na sprice sin.

## II. SAINCHEISTEANNA EACNAMAÍOCHA

7. Is iad na tosaíochtaí is mó atá againn an staid eacnamaíoch agus staid na fostaíochta. Is cúis díomá é an méid a tharla le déanaí san Aontas ar an leibhéal maicreacnamaíoch, is é sin fás OTI íseal agus leibhéal dífhostaíochta fíor-ard agus leantach i gcuid mhór den Eoraip mar aon le ráta boilscithe thar a bheith íseal. Leis an méid sin, cuirtear i dtreis an phráinn atá le bearta a chur chun feidhme chun cur leis an bhfostaíocht, leis an bhfás agus leis an iomaíochas agus an phráinn atá leis na bearta atá dírithe ar a gcuid saoránach a chumhachtú agus a chosaint mar a leagtar amach iad sa Chlár Straitéiseach don Aontas i dtráth seo an athraithe.
Is príomhchoinníollacha don infheistíocht iad athchóirithe struchtúracha agus airgeadas fónta poiblí. Chuige sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún, ar an gComhairle agus ar na Ballstáit na treoracha seo a iompú ina ngníomhaíochtaí nithiúla beartais gan mhoill.

8. Ar mhaithe leis an mbealach a réiteach le go mbainfear téarnamh láidir inbhuanaithe eacnamaíoch amach, ní mór don Eoraip infheistiú sa todhchaí. Tá an infheistíocht íseal atá ann anois ag teacht salach ar an acmhainneacht fáis a bheidh ann. Tacaíonn an Chomhairle Eorpach leis an rún atá ag an gCoimisiún nua chun tionscnamh a sheoladh lena gcuirfear 300 billiún euro d'infheistíocht bhreise ar fáil ó fhoinsí poiblí agus príobháideacha sa tréimhse 2015-2017. Caithfear úsaid iomlán a bhaint as gach acmhainn de chuid an Aontais idir iad siúd atá ann cheana agus na cinn ata leithdháilte. Ba mhór ag an gComhairle Eorpach gur bunaíodh Tascfhórsa, faoi stiúir an Choimisiúin agus an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, d'fhonn gníomhaíochtaí nithiúla a shainaithint chun dlús a chur faoin infheistíocht, lena n-áirítear plean tionscadal inmharthana is ábhartha don Eoraip a bheidh le cur i gcrích sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. D'iarr sí ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle, i ndlúthchomhar le BEI go mórmhór, an tionscnamh infheistíochta seo a chur chun cinn gan mhoill, agus tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle Eorpaí i mí na Nollag.

9. Chuir an dul chun cinn atá déanta chun an tAontas Baincéireachta a bhunú feabhas mór ar na dálaí sa mhargadh airgeadais. Má tá córas Eorpach baincéireachta ann atá athléimneach, bainistithe go maith agus rialaithe go maith, tacóidh sin leis an téarnamh eacnamaíoch. Maidir leis sin, is díol sásaimh don Chomhairle go seolfar an Sásra Maoirseachta Aonair an 4 Samhain 2014.

## III. <u>CEISTEANNA EILE</u>

### *Ebola*

10. Is cúis mhór imní don Chomhairle i gcónaí an bealach ina bhfuil víreas Ebola ag leathadh ar bhonn leanúnach san Afraic Thiar agus an líon mór daoine atá buailte agus atá ag fáil bháis dá bharr. Thréaslaigh sí leis an obair atá déanta ag na rialtais sna tíortha atá buailte agus ag eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENR) agus iad ag freagairt do dhúshlán sláinte, thar a bhfacthas riamh. Chuir an Chomhairle Eorpach an mórmheas atá aici in iúl freisin maidir le tiomantas neamhleithleach na n-oibrithe sláinte sa ghéarchéim seo agus maidir lena ngairmiúlacht agus a misneach.

11. Agus iad ag comhdhlúthú leis na Náisiúin Aontaithe, leis na heagraíochtaí réigiúnacha agus leis na príomhpháirtithe eile, tá an tAontas Eorpach agus a chuid Ballstát ar thús cadhnaíochta sna hiarrachtaí idirnáisiúnta chun freagairt éigeandála a sholáthar lena dtairiscítear príomhchumais amhail foireann shaineolach, saotharlanna soghluaiste in oiriúint do Ebola, lárionaid chóireála, agus aeriompar agus muiriompar mar chuid de Fhreagairt Chuimsitheach AE. Go nuige seo tá maoiniú de bhreis is 600 milliún EUR curtha ar fáil ag an Aontas Eorpach agus a chuid Ballstát. Leis an gComhairle Gnóthaí Eachtracha le gairid agus cruinniú Airí Sláinte an Aontais, sainítear gníomhaíocht an Aontais Eorpaigh tuilleadh agus molann an Chomhairle na conclúidí uathu a chur chun feidhme go pras.

12. Beidh freagairt leanúnach, mhéadaitheach riachtanach chun na treochtaí atá anois ann a mhaolú. Beidh gá le breis cúnaimh chun an fhreagairt ar an talamh a mhéadú, go háirithe maidir le cúram agus trealamh sláinte, mar aon le scagadh athneartaithe ar dhul amach. Is mór ag an gComhairle Eorpach gealltanais na mBallstát an cúnamh airgeadais a bhreisiú, lena mbeidh maoiniú iomlán de 1 bhilliún euro á chur ar fáil. Chomh maith leis sin, gheall na Ballstáit imscaradh na bhfoirne leighis agus tacaíochta sa réigiun a mhéádu. Chomhaontaigh na Ballstáit agus an Coimisiún freisin cúram iomchuí a ráthú d'oibrithe sláinte idirnáisiúnta, laistigh de na hacmhainní atá ar fáil, go mbeidh an chóireáil a bhíonn de dhíth orthu ar fáil, lena n-áirítear trí aslonnú míochaine. Thairis sin, is tosaíocht í go n-úsáidfear Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha AE i gcáil mar shásra tí imréitigh le haghaidh saineolaithe sláinte deonacha a imscaradh.

13. Tá scála na heipidéime ina bhagairt do gheilleagar agus do chobhsaíocht na dtíortha atá buailte, agus ní dóibh sin amháin ach don réigiún ar fad. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún pacáiste beart a fhorbairt lena dtabharfar aghaidh ar na himpleachtaí polaitiúla, slándála agus eacnamaíocha níos leithne atá leis an ngéarchéim san Afraic Thiar de bharr Ebola.

14. Is é an bealach is éifeachtaí chun ráig thromchúiseach den ghalar a chosc in áiteanna eile cuidiú leis an Afraic Thiar déileáil leis an ngéarchéim í féin. Ag an am céanna, ráite na chéadchásanna d'ionfhabhtú Ebola san Eoraip cheana féin, tá ríthábhacht ag baint le staid na hullmhachta laistigh den Aontas Eorpach agus le tuilleadh oibre chun tíortha an Aontais agus a saoránaigh a chosaint, go háirithe bearta réamhchúraim le rioscaí gabhála a laghdú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí comhordaithe coisctheacha laistigh den Aontas, amhail faisnéis agus dea-chleachtas a roinnt, gairmithe sláinte a chur faoi oiliúint agus, i gcás inarb iomchuí, scagadh ar iontráil.

15. D'fhonn cur le cumas an Aontais dul i ngleic le Ebola, cheap an tAontas an Coimisinéir nua Christos Stylianides mar chomhordaitheoir an Aontais maidir le Ebola. Oibreoidh sé le hinstitiúidí AE, leis na Ballstáit, leis na Náisiúin Aontaithe agus le heagraíochtaí agus le geallsealbhóirí idirnáisiúnta eile agus cuideoidh Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha AE leis agus an obair sin á dhéanamh aige.

16. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar Uachtarán an Choimisiúin agus ar an Ardionadaí tuarascáil a thabhairt ag a céad chruinniú eile maidir leis na bearta a rinneadh chun freagairt do ghéarchéim Ebola.

***An Úcráin***

17. Ag meabhrú di a conclúidí an 30 Lúnasa, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach Prótacal Mhionsc an 5 Meán Fómhair agus Meamram Mhionsc an 19 Meán Fómhair mar chéim chun cinn i dtreo réiteach polaitiúil inbhuanaithe ar an ngéarchéim, ar réiteach é nach mór a bheith bunaithe ar urraim do neamhspleáchas, d'aontacht agus do shláine críche na hÚcráine. Tá sí ag súil go mbeidh na páirtithe iomlán rannpháirteach agus go gcuirfidh siad na gealltanais uile faoi dhoiciméid Mhionsc chun feidhme go pras, go háirithe i ndáil leis an sos cogaidh a chur chun feidhme go hiomlán, mar aon le socruithe chun rialú cuimsitheach teorann a bhunú agus le toghcháin a reáchtáil go luath i réigiúin Donetsk agus Luhansk, i gcomhréir le dlí na hÚcráine. Measann sí go mbeadh sé i gcoinne fuarlitir agus spiorad Phrótacal Mhionsc dá dtionólfadh údaráis féincheaptha toghcháin "uachtaránachta" agus "pharlaiminteacha" agus ní aithneofar iad. Iarrann an Chomhairle Eorpach an athuair go mbeadh rochtain láithreach shlán agus gan bhac ar shuíomh tubaiste na heitilte MH17.

18. Tá súil ag an Aontas Eorpach go n-urramóidh Cónaidhm na Rúise aontacht agus sláine chríche na hÚcráine agus go gcuirfidh sí le cobhsaíocht pholaitiúil agus téarnamh eacnamaíoch na hÚcráine. Cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl an athuair nach n-aithneoidh sé nasc-ghabháil mhídhleathach na Crimé. Ba cheart do Chónaidhm na Rúise na freagrachtaí atá uirthi a ghlacadh agus comhaontuithe Mhionsc a chur chun feidhme ina n-iomláine. Ba cheart, go háirithe, go gcoiscfeadh údaráis na Rúise aon ghluaiseacht mhíleata, armlón nó trodaithe óna gcríoch isteach san Úcráin. Ba cheart go saothróidís a dtionchar chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na scarúnaithe de mheon macánta na hoibleagáidí a ghabh siad orthu féin i Mionsc. Ba cheart go dtacódh Cónaidhm na Rúise le hiarrachtaí fhiorú ESCE freisin.

19. Tá an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit iomlán gníomhach fós ina gcuid tacaíochta do réiteach polaitiúil ar ghéarchéim na hÚcráine, lena n-áirítear trí rannchuidiú chun acmhainneacht faireacháin ESCE a fheabhsú, a dtacaíocht dhaonnúil a mhéadú agus tacaíocht a thabhairt don Úcráin ina próiseas athchóirithe, go háirithe maidir le dílárú agus cosaint cearta daoine ar de mhionlaigh náisiúnta iad. Ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach go gcuirfear an Comhaontú Comhlachais i bhfeidhm go luath. Léirigh sí a thábhachtaí atá sé go gcloífidh Cónaidhm na Rúise, an Úcráin agus an tAontas Eorpach go docht leis na gealltanais a léirítear i Ráiteas Comhpháirteach na nAirí an 12 Meán Fómhair.

20. Ag breathnú ar aghaidh di ar na toghcháin pharlaiminteacha an 26 Deireadh Fómhair, cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl an athuair go bhfuil sí toilteanach tacú leis an Úcráin agus aghaidh á tabhairt aici ar athchóiriú polaitiúil agus eacnamaíoch, lena n-áirítear in earnáil an fhuinnimh, i gcomhréir leis na gealltanais a rinne an dá thaobh tríd an gComhaontú Comhlachais.

21. Ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach dul chun cinn maidir le réiteach a fháil ar ghéarchéim fuinnimh na hÚcráine. Tá sí ag tnúth leis an gcaibidlíocht thríthaobhach reatha idir Cónaidhm na Rúise, an Úcráin agus an tAontas Eorpach a thabhairt i gcrích.

22. Mheabhraigh an Chomhairle Eorpach cinntí AE a rinneadh cheana maidir le bearta sriantacha. Leanfar den Chomhairle a choimeád ar an eolas faoin gcás san Úcráin d'fhonn tuilleadh treoir a chur ar fáil de réir mar is gá.

***Poblacht na Moldóive***

23. Tá an Chomhairle Eorpach ag tnúth leis na toghcháin pharlaiminteacha a thionólfar i bPoblacht na Moldóive an 30 Samhain mar chéim thábhachtach eile i gclár oibre Eorpach Phoblacht na Moldóive tar éis an Comhaontú Comhlachais a chur i bhfeidhm go sealadach le déanaí. Tá sí ag súil go mbeidh na toghcháin pharlaiminteacha a bheidh ann go luath saor agus cothrom, agus molann sí go n-oibreoidh údaráis na Moldóive go dlúth le breathnóirí toghchán idirnáisiúnta. Sa chomhthéacs sin, ba cheart go ndéanfadh gach aon taobh feachtas toghchán a bheidh oscailte agus cothrom.

***An Chipir***

24. Ba chúis mhór imní don Chomhairle Eorpach an teannas atá sa Mheánmhuir Thoir in athuair agus ghríosaigh sí an Tuirc chun srian a chur uirthi féin agus meas a léiriú i leith cheannasacht na Cipire ar a farraige chríche agus i leith chearta ceannasacha na Cipire ina crios eacnamaíoch eisiach. Mheabhraigh an Chomhairle Eorpach an Dearbhú ón gComhphobal Eorpach agus a Bhallstáit an 21 Meán Fómhair 2005, lena n-áirítear gur cuid riachtanach de phróiseas an aontachais é na Ballstáit uile a aithint. Faoi na dálaí reatha, mheas an Chomhairle Eorpach go bhfuil sé níos tábhachtaí ná riamh timpeallacht dhearfach a áirithiú ionas gur féidir an chaibidlíocht i ndáil le socrú cuimsitheach don Chipir a atosú.

***Straitéis an Aontais Eorpaigh don réigiún Aidriadach agus Iónach***

25. Thacaigh an Chomhairle Eopach le Straitéis an Aontais Eorpaigh don réigiún Aidriadach agus Iónach (EUSAIR) agus d'iarr sí ar na gníomhaithe ábhartha uile í a chur i bhfeidhm gan mhoill, mar atá siad leagtha amach sna conclúidí ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2014.

***Gnóthaí bunreachtúla***

26. Ghlac an Chomhairle Eorpach an Cinneadh lena gceaptar an Coimisiún Eorpach.